

TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

SRÁIDEANNA NA GAILLIMHE SAN AM ATÁ LE TEACHT

Tá rún ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe feabhas a chur ar an tSráid Thrasna, an tSráid Láir, Bóithrín na Bláthaí, Slí na Bláthaí agus ar Shráid na Súdairí mar chuid de Thionscadal Athnuachana na Sráide Trasna.

Tá d'aidhm leis an tionscadal seo feabhas a chur ar an tSráid Thrasna, an tSráid Láir, Bóithrín na Bláthaí, Slí na Bláthaí agus ar Shráid na Súdairí i gcomhréir leis an aisling a leagtar amach i Straitéis Fhearann Poiblí na Gaillimhe. Leagtar amach sa Straitéis sin, a foilsíodh sa bhliain 2019, an aisling maidir le feabhas a chur ar réimse sráideanna sainiúla na Gaillimhe agus ar réimse na spásanna poiblí agus na spásanna glasa. Beidh an Straitéis freisin ina ábhar treorach maidir le cúrsaí infheistíochta agus forbartha san am atá romhainn. Le feabhsú na sráideanna seo go háirithe, déanfar leathnú ar chroílár na cathrach níos fairsinge ná an Croílár do Thrácht Coisithe amháin i Sráid na Siopaí. D'fhonn leathnú mar sin a thabhairt i gcrích, sonraítear i Straitéis an Fhearainn Phoiblí sraithe de na príomhsráideanna a mbeadh buntáiste astu maidir leis an aidhm seo agus leagtar béim orthu sin thíos sa limistéar a bhaineann leis an tionscadal.

Tá BDP ceaptha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe le tograí a fhorbairt maidir le Tionscadal Athnuachana na Sráide Trasna atá ag teacht le Straitéis Fhearann Poiblí na Gaillimhe. Táthar i mbun chéim tosaigh an tionscadail agus leanfar le céimeanna pleanála, miondearthóireachta, tairisceana agus tabhairt i gcrích.

ABAIR LEAT!



Áit a bhfuil muid anois:

1ú
Chéim

Comhchaidreamh ag tús na hoibre

Sraith de cheardlanna mar chomhartha go bhfuil tús leis an tionscadal. Tá de chuspóir leis smaointe faoi na nithe is tábhachtaí don scéim a lorg.

2ú
Chéim

Comhchaidreamh tráth a bhfuil roghanna á leagan amach

Bunús na dearthóireachta agus sin ag teacht faoi anáil thorthaí taighde tosaigh. Ceardlanna a eagrú lena sheiceáil an bhfuiltear ag dul ar aghaidh mar is ceart agus aiseolas a fháil a dtiocfaidh an dearthóireacht faoina anáil.

3ú
Chéim

Comhchaidreamh tráth na réamhdhearthóireachta

An dréacht deireanach den obair dhearthóireachta a chur ar taispeáint sula gcuirtear togra faoi Chuid VIII le chéile ionas go gcinntítear go bhfuil an dearthóireacht a eascraíonn ó aiseolas maidir le Céim 1 agus Céim 2 ag teacht lena bhfuil á iarraidh ón tionscadal.

Comhchaidreamh reachtúil a bhaineann le Cuid 8

An dearthóireacht chríochnaithe a mholtar maidir le cúrsaí pleanála faoi Chuid VIII, lena dtugtar san áireamh an t-aiseolas agus lena ndírítear ar ábhar buartha a cuireadh in iúl i rith an phróisis, a chur ar taispeáint.

Tá Muid Anseo

4ú
Chéim

Céim 1 - Tús agus Indéantacht

→ Céim 2a - Réamhdhearadh agus Pleanáil

Céim 2b - Dearadh Mionsonraithe

Céim 3 - Tairiscint

Céim 4 - Tógáil

Céim 5 - Seachadadh

Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040




Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.

TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

ACHOIMRE MAIDIR LEIS NA HÓCÁIDÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA



An Chéad Chaidreamh a Cothaíodh leis an bPobal 23. Lúnasa 2024



An Dara Caidreamh a Cothaíodh leis an bPobal 28. Eanáir 2025

Beidh an t-aiseolas a gheofar ó mhuintir na háite agus ó dhaoine a bhfuil suim faoi leith acu sa scéim ina bhonn don dearadh tosaigh sna chéad chéimeanna eile. Cuirtear tagarmharc soiléir ar fáil den chuma atá ar na sráideanna agus spásanna faoi láthair agus den méid is mian linn a bhaint amach. Roimh ócáid an lae inniu, réachtáladh dhá Ócáid Rannpháirtíochta Poiblí ar an láthair an 23 Lúnasa 2024 agus an 28 Eanáir 2025. Tugtar cuntas ar thorthaí an dá ócáid rannpháirtíochta thíos:

45% Aiseolas maidir le hAthnuachan na Sráide Trasna go Sonrach (91 Tuairim Shonraithe)

- 1ú Inrochtaineacht, Sábháilteacht agus Dearadh don Uile Dhuine
- 2ú Feabhsú an Fhearainn Phoiblí agus Cruth an Réimse Sráide
- 3ú Páirceáil, Bainistíocht Tráchtá agus Bealach ag Feithiclí
- 4ú Bonn Taca ag Gnólachtaí agus Cúrsaí Oibriúcháin
- 4ú Inmharthanacht Comhshaoil agus Bonneagar
- 6ú Féiniúlacht Cultúir, Dúchas agus Saintréithe an Phobail
- 7ú Comharthaíocht, Déanamh Bealaigh agus Glaine
- 8ú Caidreamh a Chothú leis an bPobal agus Comhairliúcháin

32% Aiseolas Ginearálta (66 Tuairim Shonraithe)





- 1ú Dúchas, Féiniúlacht Cultúir agus Caomhnú Staire
- 2ú Feabhsúchán maidir leis an bhFearann Poiblí, Inrochtaineacht agus Atmaisféar Pobail
- 3ú Cúrsaí Bonneagair, Comhshaoil agus Inrochtaineachta
- 4ú Turasóireacht, Déanamh Bealaigh agus Úsáid an Spáis Phoiblí
- 5ú Sábháilteacht, an tOrd Poiblí agus Iompar Frithshóisialta
- 6ú An Meascán maidir le Cúrsaí Eacnamaíochta agus Gnólachtaí

23% Ceisteanna níos leithne maidir le Cathair na Gaillimhe (49 Tuairim Shonraithe)

- 1ú Áiseanna Poiblí, Sláintiocht agus Glaine
- 2ú Bainistíocht Sráide, Rialú Tráchtá agus Inrochtaineacht
- 3ú Sábháilteacht, Slándáil agus Faireachas
- 4ú Bainistíocht Torainn agus Úsáid an Spáis Phoiblí
- 4ú Féiniúlacht Cultúir, Spásanna Pobail agus Feabhsú Foirgníochta
- 4ú Cúrsaí Bonneagair agus Seasmhacht in aghaidh Ghnéithe Aeráide

Ócáid 01

Ócáid 02



Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040




Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.


TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

ACHOIMRE MAIDIR LEIS NA HÓCÁIDÍ RANNPHÁIRTÍOCHTA


ACHOIMRE MAIDIR LE TUAIRIMÍ A CUIREADH IN IÚL FAOI ATHNUACHAN NA SRÁIDE TRASNA



- Ábharsuntasach buartha ag mórchuid na bpáirtithe leasmhara go mbeadh teacht ar an gceantar ag gach úsáideoir agus é sábháilte acu.
- Tugtar san áireamh leis sin a chinntiú go mbíonn gach bealach trasna réidh cothrom ag lucht cathaoireacha rothaí le leidí tadhaill do dhaoine a bhfuil lagú ar an amharc acu, feabhas a chur ar chosáin ionas go seachnaítear sciorradh agus titim, agus feabhas a chur ar shoilse sráide ionas go gcinntítear sábháilteacht san oíche.
- Leag páirtithe leasmhara béim ar na prionsabail maidir le dearadh uilíoch agus ar an ngá iad a chur i bhfeidhm ar fud na spásanna poiblí ionas go ndéantar freastal ar lucht coisíochta agus ar lucht rothaíochta gan dochar do chúrsaí sábháilteachta.




- Tá an-fhonn ar na páirtithe leasmhara gnáis inmharthanachta a chóiriú sa tionscadal, mar shampla úsáid a bhaint as ábhar nach bhfuil go dona ag cúrsaí aeráide, bainistíocht maidir le hoileáin uirbeacha teasa, agus pábháil thréscailteach a úsáid.
- Leagadh béim freisin ar an ngá gnéithe fónais a chur sa chaoi go seasfar an aimsir, éadanas na bhfoirgneamh a chumhdach le linn na n-oibreacha agus sreanga crochta a láimhseáil trína gcur faoin talamh.




- Tá príomhthábhacht ag na páirtithe leasmhara le feabhas a chur ar an bhfearann poiblí trí fheabhas dearthóireachta ar réimse na sráideanna.
- Dirítear aird san aiseolas ar an ngá le tuilleadh réimsí glasa, caighdeán níos fearr maidir le bailchríoch, roghanna suíocháin atá cóiriúil agus compordach, agus gnéithe suntasacha ó thaobh cúrsaí cultúir agus staire a chóiriú i réimse na sráide.




- Meastar gur riachtanach saineúlacht cultúir agus oidhreacht an cheantair a chaomhnú agus a threisiú. Moltar san aiseolas scéalta stairiúla a shníomh isteach, mar shampla scéal Lána na Bláthaí, agus saintréithíocht faoi leith a chruthú ar aon dul leis an “gCeathrú Laidineach.”
- Is féidir cur le dúchas an cheantair agus leis an tarraingt atá ann do mhuintir na háite agus do chuairteoirí trí bhéim a leagan ar ghnéithe suntasacha cultúir agus oidhreacht.




- Moltar go láidir dóthain spásanna páirceála a choinneáil d'áititheoirí, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí, lena n-áirítear spásanna páirceála atá cóiriúil maidir le haois agus ionaid inar féidir daoine aosta a ligean amach as feithicil.
- Luadh mar ábhar buartha an tionchar a bheadh ag ionad bailithe/fágála d'fheithicilí a thabhairt chun bealaigh, go háirithe ag gnólachtaí seirbhíse, mar shampla sciamhlanna agus radharceolaithe.
- Chomh maith leis sin, tá tábhacht rímhór le bainistíocht maidir leis an gceannas atá ag carranna ar spás poiblí agus ar a chinntiú go mbíonn bealach ag feithicilí éigeandála teacht i láthair, mar shampla le mullaird chliste agus marcáil shoiléir.



- Tá bunriachtanas le comharthaí soiléire agus le déanamh bealaigh ionas go dtreoraítear coisithe agus sruthanna tráchta go héifeachtúil.
- Tá níos mó boscaí bruscair á n-éileamh agus straitéisí chun an áit a choinneáil glan agus níos taitneamhaí ag coisithe.



- Tá béim ag cuid mhór páirtithe leasmhara ar an tábhacht atá le seasamh le gnólachtaí beaga agus neamhspleacha, meascán agus éagsúlacht cineálacha siopaí a choinneáil agus le bainistíocht a dhéanamh ar chúrsaí lóistíochta ionas go seachnaítear blocáil nó curisteach ar sheachadadh.
- Ceisteanna maidir le bainistíocht dramhaíola, mar shampla freastal do bhailiú dramhaíola ó bhialanna, agus an tionchar a bhíonn ag troscán sráide agus ag ithe faoin spéir ar chúrsaí gnó.



- Tá liosta fada de bhearta staidéir dearthóireachta déanta maidir le roghanna éagsúla agus athruithe éagsúla a fhiosrú.
- Ionas gur féidir measúnóireacht ar bhonn cainníochta a dhéanamh, déanfar an téama maidir le comhchaidreamh poiblí a bhabhtáil le forfheabhsú ábhartha agus a theacht sin le Straitéis Fhearann Poiblí na Gaillimhe.
- Leanfar de théama an chomhchaidrimh poiblí agus den phróiseas comhairliúcháin i rith fhorbairt an tionscadail.

Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.

TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

AN DEARADH BEARTAITHE





Na hábhair

Troscán Sráide

Soilsiú

Tírdhreach Bog



Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.


TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

GNÁTHCHÁSANNA AGUS LEAGAN AMACH

Leagan Amach ó lá go lá (1/2)




Rannóg na Sráide Láir (AA')




Leagan Amach do Choisithe (1/2)




Rannóg Coisithe na Sráide Láir (BB')




Leagan Amach Margaídh/Ócáide (1/2)




Rannóg Margaídh/Ócáide na Sráide Láir (CC')



Leagan Amach ó lá go lá (2/2)




Rannóg na Sráide Trasna (DD')



Leagan Amach do Choisithe (2/2)




Rannóg na Sráide Trasna (EE')



Leagan Amach Margaídh/Ócáide (2/2)



Rannóg Margaídh/Ócáide na Sráide Trasna (FF')



Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040





Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council


BDP.

TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

DEISEANNA



Deiseanna



Bainistíocht Tráchtá



Anailís Spáis ar Fáil (1/2)



Anailís Spáis ar Fáil (2/2)

Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.

TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

ANAILÍS ILCHRITÉIR

Anailís Ilchritéir agus Breithmheas Mionsonraithe ar Gach Rogha

Tá Anailís Ilchritéir (MCA) á dhéanamh ar an tionscadal mar chuid dá Réamhchás Gnó. Tá d’aidhm leis an MCA seo, atá bunaithe ar Chreat-Treoirlínte Breithmheasa na Roinne Iompair maidir le hInfheistíocht Chaipitil in Iompar (Iúil 2024), breithmheas a dhéanamh ar cheithre rogha ghearrliostaithe don scéim.

Cuireadh tús leis an tionscadal le straitéis chuimsitheach Chumarsáide agus Rannpháirtíochta, lena n-áirítear dhá cheardlann rannpháirtíochta poiblí. Lorgaíodh sa chéad cheardlann na nithe ba mhó tosaíochta don phobal agus rinneadh iniúchadh ar na tíopeolaíochtaí tosaigh san fhearann poiblí ar ardleibhéal:

- Gan aon rud a dhéanamh
- An tAthrú is Lú
- Príomhréimsí a Fheabhsú
- Athchothromú ar Shráideanna, agus
- Teorannú do Choisithe

As 206 thuairim aonair, tháinig ocht bpríomhthosaíocht phobail chun cinn:

- Inrochtaineacht, Sábháilteacht agus Dearadh don Uile Dhuine
- Feabhsú an Fhearainn Phoiblí agus Cruth an Réimse Sráide
- Páirceáil, Bainistíocht Tráchtta agus Bealach ag Feithiclí
- Bonn Taca ag Gnólachtaí agus Cúrsaí Oibríúcháin
- Inmharthanacht Comhshaoil agus Bonneagar
- Féiniúlacht Cultúir, Dúchas agus Saintréithe an Phobail
- Comharthaíocht, Déanamh Bealaigh agus Glaine
- Caidreamh a Chothú leis an bPobal agus Comhairliúchán

Breithníodh na tosaíochtaí seo in aghaidh na tíopeolaíochtaí sa dara ceadlann. Léiríodh tacaíocht láidir ón bpobal maidir le Cur Chuige 4 (Teorannú do Choisithe) ag 48%. Is suntasach a lua go raibh 22% i bhfabhar gnéithe den dá chur chuige, agus bhí níos mó tacaíochta ann do theorannú do choisithe i gcomparáid leis an gcead cheardlann, cé nár cinneadh an bealach sonrach (imeachtaí amháin, amaithe nó lánaimseartha) a ndéanfaí sin.

- Bunaithe ar an aiseolas rannpháirtíochta, rinneadh liosta fada roghanna a bheachtú.
- Coinníodh “Gan aon rud a dhéanamh” (Cur Chuige 00) mar bhonnlíne.
 - Fuarthas réidh leis “An Athrú is Lú” (Cur Chuige 01) agus “Príomhréimsí a Fheabhsú” (Cur Chuige 02) toisc nach raibh tosaíochtaí an phobail ná Cuspóirí Straitéis an Fhearainn Phoiblí á gcomhlíonadh.
 - Aithníodh go raibh an bonneagar fisiceach céanna i gceist le Cur Chuige 03 (“Athchothromú ar na Sráideanna”) agus Cur Chuige 04 (“Teorannú do Choisithe”) ach go raibh siad éagsúil ó thaobh oibríochta de.

Dá bhrí sin, cuireadh ceithre rogha inmharthana ar an ngearrliosta le haghaidh breithmheas mionsonraithe:

- 4a: Ganaonsriantráchtta(marachéileleCurChuige03-AthchothromúarnaSráideanna)
- 4b: Srinta tráchtta le teorainn ama (forogha de Chur Chuige 04 - Teorannú do Choisithe)
- 4c: Teorannú iomlán do choisithe (forogha de Chur Chuige 04 - Teorannú do Choisithe)
- 4d: Sráid Sholúbtha - Leis an bhforogha nua seo, tugtar aghaidh ar chastachtaí na n-éileamh oibríochtúil éagsúil (cónaithe, tráchtála, turasóireachta) agus ceadaitear inoiriúnaitheacht sa spás san fhearann poiblí.

Critéir MCA	Critéir Tionchair MCA	Cur Chuige 00 Gan aon rud a dhéanamh	Rogha 4A: Dromhchla Comhroinnte gan aon Sríán Tráchtta	Rogha 4B: Dromhchla Comhroinnte le Srinta Tráchtta a bhfuil Teorainn Ama leis	Rogha 4C: Teorannú go hIomlán do Choisithe	Rogha 4D: Sráid Sholúbtha
Tionchair inrochtaineachta	Cuspóir PRS 2:					
	Cuspóir PRS 5:					
	Cuspóirí Turasóireachta agus Geilleagair Oíche					
	Inrochtaineacht ar an Lárionaid Uirbeach					
	Inrochtaineacht ar sheirbhísí, spásanna miondíola, pobail agus áineasa.					
	An Plean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar na hOíche 2024-2025:					
	DEDP2025-2029 Chathair na Gaillimhe:					
	DEDP2025-2029 Chathair na Gaillimhe:					
	DEDP2025-2029 Chathair na Gaillimhe:					
	DEDP2025-2029 Chathair na Gaillimhe:					
	DEDP2025-2029 Chathair na Gaillimhe:					
Tionchair shóisialta	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 9:					
	Tionchair Inscne					
	Úsáideoirí Iompair Phoiblí a bhfuil Riachtanais Soghluaisteachta Éagsúla acu					
	Cuspóirí Turasóireachta agus Geilleagair Oíche					
	Cuspóirí Turasóireachta agus Geilleagair Oíche					
Tionchair úsáid talún	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 1:					
	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 3:					
	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 4:					
	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 6:					
	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 7:					
	Athrú ar cháilíocht an fhearainn phoiblí - Cuspóir PRS 8:					
Tionchair sábháilteachta	Úsáideoirí Leochaileacha Bóthair					
	Coisithe					
	Rothaithe					
	Feithiclí					
	Spásanna d’Imeachtaí					
	An Plean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar na hOíche 2024-2025;					
	Aistriú Módach					
	CAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029					
	CAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029					
	CAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029					
	CAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029					
Tionchair timpeallachta áitiúla	Cáilíocht an Aeir					
	Torann agus Creathadh					
	An Bhithéagsúlacht					
	Acmhainní Uisce					
	An Tírdhreach agus Cáilíocht Amhairc					

Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



TIONSCADAL ATHNUACHANA NA SRÁIDE TRASNA

LÉARÁIDÍ EALAÍONTÓRA



1 An tSráid Láir ó dheas



2 An tSráid Láir ó dheas



3 Trasnú An tSráid Thrasna / An tSráid Láir



4 Trasnú An tSráid Ard/An tSráid Thrasna

Is féidir smaointe a sheoladh ar ríomhphost chuig: Urbanism@galwaycity.ie



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



Comhairle Cathrach
na Gaillimhe
Galway City Council

BDP.